Polasaí nua Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi pholasaí nua Gaeilge atá foilsithe chun cabhair a thabhairt do scoileanna Gaeltachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

Cad is brí leis an mbriathar *tum*?
Cad is brí le tumoideachas, mar sin?
Cad é do thuairim faoin tumoideachas?

Ceist 2 An bhfuil Gaeilge agat ar na focail / téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- Their duty (the duty on them): _____
- learning support: _____
- literacy policy: _____
- as a result of: _____
- demand: _____
- native speakers: _____
- website: _____
- voluntarily: _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair agus féachaigí an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cad go díreach atá sa cháipéis a d'fhoilsigh Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta?

2. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas maidir leis an gcáipéis:

   Anna Ní Chartúir
   Bríd Ní Liatháin
   Fionnuala Uí Neachtain

3. Cén fáth gurb í seo an cháipéis dheireanach ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta?

Ceist 4 '…foilsithe…'

A. Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal thuas?

B. Féach ar an tuairisc arís. An féidir leat na samplaí seo a chloisteáil inti?

foilsithe, ráite, socraithe

C. Líon na bearnaí sna habairtí leis an mbriathar oiriúnach. Bíodh an fhoirm cheart den bhriathar agat freisin.

1. Nach bhfuil do chuid obair bhaile _____ agat go fóill?
2. Ní fheicim aon rud. Tá na soilse _____.
3. Tá uachtarán nua _____ ag an gcoiste.
4. Tá an dán _____ de ghlanmheabhair agam.
5. Nach bhfuil na bronntanais Nollag _____ agat fós?
6. An bhfuil na cuairteoirí _____?
7. Deir sé go bhfuil an litir _____ sa phost aige.
8. Tá an leabhar sin _____ agam agus tá sé an-mhaith ar fad.
9. Tá an post nua _____.
10. Tá an aiste _____aici.

Ceist 5 '…faoi láthair…'

Is minic a bhíonn an réamhfhocal 'faoi' i nathanna cainte úsáideacha. Féach ar na cinn seo thíos. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

Cuir faoi (in áit)
Faoi mar
Faoi smacht
Rud a fhágáil faoi dhuine
Faoi dhó
Faoi dheireadh

Ceist 6

A. Féach ar an mír agus breac síos an uimhir iolra de na hainmfhocail seo atá le cloisteáil inti.

scoil: _____
dalta: _____
múinteoir: _____
cuairteoir: _____
bliain: _____
gasúr: _____
naíonán: _____
tuismitheoir: _____
ceist: _____

B. An bhfuil aon cheann acu atá an-chanúnach, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar, sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

Their duty (the duty on them):	*an dualgas atá orthu*
learning support:	*tacaíocht foghlama*
literacy policy:	*polasaí litearthachta*
as a result of:	*mar thoradh ar*
demand:	*éileamh*
native speakers:	*cainteoirí dúchais*
website:	*suíomh idirlín*
voluntarily:	*go deonach*

Ceist 3

1. Teimpléad atá ann maidir le polasaí nua Gaeilge a chur i bhfeidhm sna scoileanna Gaeltachta. Tá réimse leathan ábhar clúdaithe sa cháipéis agus cuideoidh a bhfuil ann le scoileanna an dualgas reachtúil atá orthu i leith na Gaeilge a chomhlíonadh. Tá comhairle ann freisin conas an tumoideachas a chur i bhfeidhm sna scoileanna.
2. **Anna Ní Chartúir**: Deir sí go bhfuil a lán nithe éagsúla faoi bhráid sa cháipéis, mar shampla: tacaíocht foghlama; polasaí teanga idir daltaí agus múinteoirí agus cuairteoirí chun na scoile; agus polasaí litearthachta. Tháinig na nithe sin chun cinn le blianta beaga anuas mar thoradh ar éileamh ó na scoileanna féin.
   Bríd Ní Liatháin: Deir sí go dtabharfaidh a bhfuil sa cháipéis comhairle agus misneach do scoileanna, polasaí an tumoideachais a chur i bhfeidhm, rud nach raibh chomh soiléir sin go dtí seo. Míníonn sí nach gcuirtear tús leis an litriú sa Bhéarla go dtí an cúigiú téarma agus go dtosaíonn an léamh sa Bhéarla sa chéad rang.
   Fionnuala Uí Neachtain: Deir sí go n-aontaíonn sí go hiomlán leis an méid atá ráite sa pholasaí ó thaobh an tumoideachais, mar go ndéanann sé an freastal ceart ar an bpáiste arb í an Ghaeilge a theanga dhúchais. Creideann sí gurb é an bealach is éifeachtaí a phiocfaidh gasúir, nach cainteoirí dúchais iad, suas an teanga.
3. Tá Roinn na Gaeltachta ag cur deiridh le maoiniú don eagraíocht agus ní bheidh an eagraíocht ábalta feidhmiú go deonach.

Ceist 4

A. An Aidiacht Bhriathartha
B. Féach an script.
C.

1. Nach bhfuil do chuid obair bhaile **déanta** agat go fóill?
2. Ní fheicim aon rud, tá na soilse **múchta**.
3. Tá uachtarán nua **ceaptha** sa chlub.
4. Tá an dán **foghlamtha** de ghlanmheabhair agam.
5. Nach bhfuil na bronntanais Nollag **ceannaithe** agat fós?
6. An bhfuil na cuairteoirí **tagtha**?
7. Deir sé go bhfuil an litir **curtha** sa phost aige.
8. Tá an leabhar sin **léite** agam agus tá sé an-mhaith ar fad.
9. Tá an post nua **fógartha**.
10. Tá an aiste **scríofa** aici.

Ceist 5
Cuir faoi (in áit) – settle down, stay in a place
Faoi mar – as if
Faoi smacht – under control
Rud a fhágáil faoi dhuine – leave something for somebody to do
Faoi dhó – twice
Faoi dheireadh – at last

Ceist 6

scoil:	scoileanna (scoileannaí i gcanúint Chonnachta agus scoltacha i gcanúint Uladh)
dalta:	daltaí
múinteoir:	múinteoirí
cuairteoir:	cuairteoirí
bliain:	blianta
gasúr:	gasúir (Ciallaíonn 'gasúir' páistí i gcanúint Chonnachta, agus ciallaíonn sé 'buachaillí óga' i gcanúint Uladh)
naíonán:	naíonáin
tuismitheoir:	tuismitheoirí
ceist:	ceisteanna

Eimear Ní Chonaola
Tá teimpléad nua maidir le polasaí Gaeilge scoileanna Gaeltachta foilsithe ag Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Tá sé i gceist go gcabhródh an cháipéis le scoileanna[1] an dualgas atá orthu i leith na Gaeilge a chomhlíonadh. Tá comhairle ann do scoileanna Gaeltachta maidir le tumoideachas a chur i bhfeidhm, rud nach bhfuil ach líon beag scoileanna Gaeltachta ag déanamh faoi láthair.

Sorcha Ní Mhonacháin
Réitigh Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta an cháipéis seo le cuidiú le scoileanna Gaeltachta an dualgas reachtúil atá orthu i leith na Gaeilge, faoin acht oideachais, a chomhlíonadh. Pléann an cháipéis ocht leathanach seo, le réimse éagsúil ábhar.

Anna Ní Chartúir, Leas-Chathaoirleach Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta
Mar shampla, tacaíocht foghlama, polasaí teangan[2] idir daltaí agus múinteoirí agus cuairteoirí chun na scoile, polasaí litearthachta, polasaí cuairteoirí agus mar sin. *So* is áis chabhrach a bheas[3] ann, tá súil againn do scoileanna. Ach tháinig sé mar thoradh ar éileamh ó na scoileanna féin le blianta beaga anuas.

Sorcha Ní Mhonacháin
Anuraidh thug an Roinn Oideachais a beannacht do scoileanna Gaeltachta gan teagasc an Bhéarla a thoiseacht[4] go dtí deireadh na naíonán mór.

Bríd Ní Liatháin, Scoil Náisiúnta Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe
Tosóidh an litriú sa Bhéarla anois sa chúigiú téarma, sin nuair a bheidh na gasúir sna naíonáin mhóra agus ní thosnóidh aon léamh foirmeálta sa Bhéarla go dtí rang a haon. Ceapaim go dtabharfaidh sé misneach do scoileanna eile bogadh ar aghaidh agus b'fhéidir tabhairt faoin tumoideachas. Go dtí seo bhí sé an-deacair ar aon duine a fhios a bheith acu go cinnte an raibh an rud ceart ar siúl acu.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tá súil ag Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta go gcuideoidh seo le tuismitheoirí a bhfuil ceisteanna acu maidir leis an pholasaí teangan[5] i scoil a gcuid páistí.

Fionnuala Uí Neachtain, Tuismitheoir
Aontaím go hiomlán leis an méid atá ráite sa bpolasaí[6] ó thaobh an tumoideachais, mar go ndéanann sé an freastal ceart ar an bpáiste arb í an Ghaeilge a theanga dhúchais. Agus creidim gurb é an bealach is éifeachtaí a phiocfaidh gasúir, nach cainteoirí dúchais iad, suas an teanga.

Sorcha Ní Mhonacháin
Tá fáil ar an cháipéis ar shuíomh idirlín Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Seo an cháipéis dheireanach ó Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Tá sé socraithe ag Roinn na Gaeltachta deireadh a chur le maoiniú na heagraíochta, rud a chiallaíonn gur beag seans go mbeidh an eagraíocht ábalta leanstan[7] ar aghaidh go deonach. Sorcha Ní Mhonacháin, Nuacht TG4.

---

[1] *scoileannaí* a deirtear i gcanúint Chonnachta agus *scoltacha* a deirtear i gcanúint Uladh
[2] *teanga* atá sa chaighdeán oifigiúil
[3] a *bheidh* atá sa chaighdeán oifigiúil
[4] *tosú* atá sa chaighdeán oifigiúil
[5] *teanga* atá sa chaighdeán oifigiúil
[6] *sa + urú* atá i nGaeilge Chonnachta. *Sa + h* atá sna canúintí eile.
[7] *leanúint* atá sa chaighdeán oifigiúil